Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11360/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0240(BUD)**

**FIN 736**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 406 final |
| Ábhar: | Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann le buiséad ginearálta 2023: Nuashonrú ar an ioncam (acmhainní dílse) agus ar choigeartuithe teicniúla eile lena n-áirítear an leagan amach agus an maoiniúchán le haghaidh 2023 don Ionstraim nua le haghaidh an Tionscal Cosanta a Atreisiú agus don Ghníomh Eorpach um Shliseanna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 406 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 406 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2023
COM(2023) 406 final

2023/0240 (BUD)

Togra le haghaidh

**DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH Uimh. 3**
**A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2023**

**Nuashonrú ar an ioncam (acmhainní dílse) agus ar choigeartuithe teicniúla eile lena n-áirítear an leagan amach agus an maoiniúchán le haghaidh 2023 don Ionstraim nua le haghaidh an Tionscal Cosanta a Atreisiú agus don Ghníomh Eorpach um Shliseanna**

GA GA

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (...)[2], agus go háirithe Airteagal 44 de,

– buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2023, a glacadh an 23 Samhain 2022[3],

– buiséad leasaitheach Uimh. 1/2023[4], a glacadh an 13 Meitheamh 2023,

– dréacht lena leasaítear buiséad Uimh. 2/2023[5], a glacadh an 12 Aibreán 2023,

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann le buiséad 2023 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

## ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III féin le fáil ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-en.htm).

---

1 Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.

2 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018.

3 IO L 58, 23.2.2023.

4 IO X XX, 13.6.2023.

5 COM(2023) 250 final 12.4.2023.

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. RÉAMHRÁ

Is é is príomhchuspóir do Dhréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 3 don bhliain 2023 taobh an ioncaim den bhuiséad a nuashonrú chun na forbairtí is déanaí a chur san áireamh maidir leis an méid a leanas:

– réamhaisnéisí nuashonraithe na n-acmhainní dílse le haghaidh bhuiséad 2023 a chomhaontaigh an Coiste Comhairleach maidir le hAcmhainní Dílse (CCAD) an 25 Bealtaine 2023. De ghnáth, cuirtear an nuashonrú sin i láthair go gairid tar éis chruinniú réamhaisnéise CCAD, i gcomhréir le hionchais na mBallstát go ndéanfar nuashonruithe CCAD a bhuiséadú a luaithe is féidir;

– nuashonrú a dhéanamh ar ioncaim eile amhail ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe, fíneálacha agus rudaí eile nach iad.

Ina theannta sin, áirítear le DBL 3/2023 na gnéithe sonracha a leanas a bhaineann le caiteachas:

– coigeartuithe i ndáil leis an Ionstraim nua um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú a bunaíodh leis an nGníomh mar thaca le Táirgeadh Lóin Airm (ASAP) a chur ar bun agus a mhaoiniú le haghaidh 2023;

– coigeartuithe i ndáil leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna[6] a mhaoiniú le haghaidh 2023 tar éis an chomhaontaithe pholaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 18 Aibreán 2023;

– leithreasuithe ón líne chúltaca do na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPA) a chur ar ceal, mar gheall ar mhoilleanna sa chaibidlíocht le trí thríú tír (eadhon Maracó, an Libéir agus Oileáin Sholomón);

– buiséad an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) a threisiú chun costais bhreise a chlúdach i ndáil leis an gcíos atá le híoc le Parlaimint na hEorpa.

Ar an iomlán, is é tionchar glan DBL 3/2023 ar chaiteachas ná méadú EUR 54,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus laghdú EUR 190,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

[6] COM(2022) 46, 8.2.2022.

## 2. NUASHONRÚ AR IONCAM

### 2.1 Tionchar foriomlán DBL 3/2023 ar dháileadh iomlán na n-íocaíochtaí acmhainní dílse idir na Ballstáit

Comhaontaíodh na réamhaisnéisí athbhreithnithe le haghaidh 2023 ag 188ú cruinniú CCAD an 25 Bealtaine 2023. Tá gá leis na coigeartuithe ar thaobh an ioncaim den bhuiséad chun na meastacháin ar Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) agus na hacmhainní dílse atá bunaithe ar an gCáin Bhreisluacha (CBL), ar Dhramhaíl Phacáistíocht Phlaisteach neamh- athchúrsáilte (PPW) agus ar Ollioncam Náisiúnta (OIN) a thabhairt cothrom le dáta, agus réamhaisnéisí eacnamaíocha an earraigh (féach roinn 2.2) á gcur san áireamh.

Thairis sin, déantar méid na n-ioncam eile a thabhairt cothrom le dáta chun ranníocaíocht athbhreithnithe na Ríochta Aontaithe agus fíneálacha airgid thirim cinnte agus íocaíochtaí pionóis a chur san áireamh go dtí mí an Mheithimh 2023 (féach roinn 2.3 agus roinn 2.4, faoi seach).

Léirítear tionchar foriomlán choigeartuithe ioncaim uile DBL seo sa tábla achomair thíos. Léirítear sa tábla seo freisin dáileadh iomlán na n-íocaíochtaí acmhainní dílse idir na Ballstáit mar a dhéantar iad a bhuiséadú i mbuiséad tosaigh 2023, mar a áirítear in DBL 2/2023[7], agus ar deireadh mar a áirítear in DBL 3/2023 seo.

**Dáileadh iomlán na n-íocaíochtaí acmhainní dílse ag na Ballstáit (i milliún EUR)**

| | Buiséad 2023 | DBL 2/2023 | DBL 3/2023 |
|---|---|---|---|
| | (1) | (2) | (3) |
| **BE** | 6 894,7 | 6 807,6 | 6 808,1 |
| **BG** | 858,5 | 846,2 | 944,6 |
| **CZ** | 2 789,8 | 2 746,8 | 2 864,0 |
| **DK** | 3 251,7 | 3 193,3 | 3 172,5 |
| **DE** | 36 585,2 | 35 946,9 | 34 945,9 |
| **EE** | 371,8 | 366,5 | 393,2 |
| **IE** | 3 625,3 | 3 568,1 | 3 690,0 |
| **EL** | 2 034,3 | 2 002,0 | 2 122,8 |
| **ES** | 13 901,1 | 13 687,4 | 13 991,3 |
| **FR** | 27 185,1 | 26 753,6 | 26 567,0 |
| **HR** | 615,9 | 606,1 | 670,8 |
| **IT** | 19 932,2 | 19 624,8 | 19 515,2 |
| **CY** | 250,2 | 246,3 | 259,5 |
| **LV** | 399,0 | 393,2 | 420,6 |
| **LT** | 666,0 | 656,5 | 746,0 |
| **LU** | 552,6 | 543,3 | 470,2 |
| **HU** | 1 850,4 | 1 824,6 | 1 932,7 |
| **MT** | 159,0 | 156,6 | 166,4 |
| **NL** | 9 312,6 | 9 163,5 | 9 721,1 |
| **AT** | 3 629,6 | 3 559,3 | 3 617,8 |

[7] COM(2023) 250 final, 12.4.2023.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **PL** | 7 624,3 | 7 520,6 | 7 552,2 |
| **PT** | 2 425,4 | 2 388,5 | 2 480,9 |
| **RO** | 2 759,6 | 2 715,2 | 2 928,1 |
| **SI** | 662,8 | 653,6 | 768,2 |
| **SK** | 1 123,8 | 1 106,0 | 1 087,0 |
| **FI** | 2 526,6 | 2 483,3 | 2 428,1 |
| **SE** | 4 585,2 | 4 493,9 | 4 031,4 |
| **AE** | **156 572,7** | **154 053,7** | **154 295,4** |

## 2.2 Athbhreithniú ar réamhaisnéisí na mbonn ADT, CBL, PPW agus OIN

I gcomhréir le hAirteagal 44(1), pointe (b) den Rialachán Airgeadais[8], tá sé beartaithe ag an gCoimisiún maoiniú an bhuiséid a athbhreithniú ar bhonn réamhaisnéisí eacnamaíocha nuashonraithe. De réir an chleachtais sheanbhunaithe, comhaontaítear na réamhaisnéisí athbhreithnithe ioncaim leis na Ballstáit i nós imeachta réamhaisnéise CCAD.

Baineann an t-athbhreithniú leis an réamhaisnéis maidir le ADT atá le híoc leis an mbuiséad in 2023 chomh maith le réamhaisnéis na mbonn CBL, PPW agus OIN i gcomhair 2023. Comhaontaíodh an réamhaisnéis a áirítear i mbuiséad 2023 sa 185ú cruinniú CCAD a tionóladh an 23 Bealtaine 2022. Cuirtear san áireamh san athbhreithniú in DBL 3/2023 reatha na réamhaisnéisí a comhaontaíodh ag an 188ú cruinniú CCAD bunaithe a reachtáladh an 25 Bealtaine 2023. Trí réamhaisnéis nuashonraithe maidir le hacmhainní dílse a úsáid, cuirtear feabhas ar chruinneas na réamhaisnéisí ioncaim agus, dá bhrí sin, cuirtear feabhas ar chruinneas na n-íocaíochtaí a iarrtar ar na Ballstáit a dhéanamh le buiséad an Aontais le linn na bliana airgeadais.

Tá réamh-mheastacháin ioncaim an Choimisiúin bunaithe ar réamhaisnéis eacnamaíoch an Earraigh 2023 ón gCoimisiún[9], rud a thugann ionchas beagán níos fearr don gheilleagar mar gheall ar dhúshláin leanúnacha. Tá fás measartha ag teacht ar gheilleagar an Aontais i mbliana agus an bhliain seo chugainn. In ainneoin comhthéacs dúshlánach domhanda, tá geilleagar na hEorpa tar éis cúlú eacnamaíoch a sheachaint agus tá athléimneacht fós le sonrú ann. Baineann an toradh sin go mór leis na beartais a chuir an tAontas agus a Bhallstáit i bhfeidhm. D'éirigh le héagsúlú na bhfoinsí fuinnimh agus na hinfheistíochta bonneagair chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill soláthair gáis agus borradh a chur faoin bhfuinneamh inathnuaite, a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta freisin. Tá praghsanna fuinnimh níos ísle, laghdú ar shrianta soláthair agus fás measartha mar thaca ag margadh saothair láidir sa chéad ráithe de 2023. Mar gheall ar an tús sin a bhí níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis, ardaítear ionchas fáis gheilleagair an Aontais beagáinín go 1,0 % in 2023 (ó 0,8 % a bhfuiltear ag súil leis i Réamhaisnéis Gheimhreadh 2023). Tá na hathbhreithnithe aníos don limistéar euro chomh mór céanna, agus táthar ag súil le fás OTI ag 1,1 % in 2023 anois. I bhfianaise na bpríomhbhrúnna praghsanna atá ann i gcónaí, rinneadh athbhreithniú aníos ar an mboilsciú ceannlíne i gcomparáid leis an ngeimhreadh, go 5,8 % in 2023 sa limistéar euro. Tá praghsanna fuinnimh i bhfad níos ísle ag obair tríd an ngeilleagar, rud a laghdaíonn costais táirgthe gnólachtaí. Tá laghdú ag teacht ar bhillí fuinnimh ag tomhaltóirí freisin, cé go meastar go bhfuil tomhaltas príobháideach le bheith lagaithe go fóill, agus an fás pá chun deiridh ar an mboilsciú. Cé

8 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 193, 30.7.2018, lgh. 1-222).

9 An Coimisiún Eorpach, 2023, Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Earrach 2023, Geilleagar na hEorpa, Páipéar Institiúideach 200.

nach bhfuil athrú mór tagtha ar an ionchas i gcás lárnach réamhaisnéis earraigh an Choimisiúin ón ngeimhreadh seo caite, tá méadú tagtha ar na rioscaí ar an taobh thíos don ionchas eacnamaíoch. Tá dianseasmhacht an bhoilscithe lárnaigh tagtha chun cinn mar phríomhriosca. Tá méadú fós tagtha ar na rioscaí a bhaineann le timpeallacht sheachtrach an Aontais, agus tá éiginnteachtaí nua ann tar éis shuaiteacht na hearnála baincéireachta nó mar gheall ar theannas geopholaitiúil i gcoitinne. Ar deireadh, tá éiginnteacht leanúnach ann a eascraíonn as cogadh foghach leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

Deimhnítear a bheag nó a mhór an cás eacnamaíoch is bonn le buiséad 2023 leis na meastacháin is déanaí:

- Tuartar go mbaileofar EUR 23 730,1 milliún ar an iomlán i ndleachtanna custaim in 2023, glan ar chostais bhailiúcháin 25 %, ar méadú 9,9 % é sin i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 21 590,36 milliún atá san áireamh i mbuiséad 2023. Rinne an Coimisiún comparáid idir torthaí an mhodha thraidisiúnta réamhaisnéise de CCAD (bunaithe ar na rátaí fáis atá tuartha d'allmhairí lasmuigh de AE) agus torthaí an mhodha eachtarshuímh (bunaithe ar na sonraí olltoraidh is déanaí maidir le dleachtanna custaim a bailíodh, i.e. Eanáir – Aibreán 2023). Mar a tharla le blianta beaga anuas, glacann an Coimisiún cur chuige coimeádach lena n-áirithítear bainistíocht fhónta airgeadais ar bhuiséad an Aontais i gcomhthéacs neamhchinnteachtaí eacnamaíocha agus airgeadais mar a leagtar síos i réamhaisnéis eacnamaíoch an Earraigh. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe leas a bhaint as toradh an mhodha réamhaisnéise traidisiúnta chun athbhreithniú a dhéanamh ar réamhaisnéis ADT 2023, rud atá níos ísle ná toradh an mhodha eachtarshuímh, ach a bhfuil ioncam níos airde de EUR 2,1 billiún mar thoradh air fós i gcomparáid le DAB 2/2023.
- Tuartar anois gurb é EUR 7 522 260,0 milliún bonn CBL neamhchaidhpeáilte iomlán san Aontais i gcomhair 2023, ar méadú 8,6 % é i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 6 925 198,0 milliún i mí na Bealtaine 2022. Tuartar gurb é EUR 7 486 175,5 milliún bonn CBL[10] caidhpeáilte iomlán san Aontais i gcomhair 2023, ar méadú 8,4 % é i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 6 906 555,6 milliún i mí na Bealtaine 2022. Cuirtear san áireamh sa réamhaisnéis nuashonraithe an sainmhíniú simplithe ar an mbonn CBL dá bhforáiltear leis an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse[11].
- Is é 9 891 423,2 tona an réamhaisnéis maidir le hacmhainn dhílis bunaithe ar an dramhaíl ó phacáistíocht (PPW) neamh- athchúrsáilte in AE in 2023, ar méadú 11,6 % é i gcomparáid leis an réamhaisnéis 8 859 902,5 tona i mí na Bealtaine 2022. Cuirtear ranníocaíochtaí comhfhreagracha na mBallstát ó PPW i láthair i dTábla 3 den iarscríbhinn bhuiséadach tionlacain.
- Tuartar gurb é EUR 16 883 807,9 milliún bonn OIN iomlán an Aontais i gcomhair 2023, ar méadú 3,6 % é i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 16 299 159,8 milliún i mí na Bealtaine 2022.

Baineadh úsáid as rátaí malairte an 30 Nollaig 2022 chun na boinn thuartha CBL agus OIN sna hairgeadraí náisiúnta a thiontú go EUR, le haghaidh na seacht mBallstát nach baill den limistéar euro iad. Seachnaíonn sé sin saobhadh, ós rud é go n-úsáidtear an ráta sin chun íocaíochtaí acmhainní dílse buiséadaithe a chomhshó ó euro go hairgeadra náisiúnta nuair a ghlaoitear isteach na méideanna, mar a shonraítear in Airteagal 10a(1) de Rialachán 609/2014 ón gComhairle[12].

---

[10] Sonraítear Airteagal 2(1), pointe (b) den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse 2020 nach rachaidh an bonn CBL thar 50 % de OIN i gcás gach Ballstáit. I gcás DBL 3/2023, déanfar an bonn CBL sa Chróit, sa Chipir, i Lucsamburg, i Málta, sa Pholainn agus sa tSlóivéin a chaidhpeáil ag 50 % de OIN.

[11] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020, lch. 1–10.

[12] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus bunaithe ar OIN, a chur ar fáil agus maidir

Leagtar amach sa tábla seo a leanas réamhaisnéisí athbhreithnithe ADT, boinn CBL neamhchaidhpeáilte, boinn PPW agus boinn OIN i gcomhair 2023, mar a glacadh iad ag 188ú cruinniú CCAD:

leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 39), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) 2022/615 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 (IO L 115, 13.4.2022, lch. 51).

**Réamhaisnéisí athbhreithnithe na mbonn ADT, CBL, PPW agus OIN i gcomhair 2023**

| | Custaim (75 %) | Boinn CBL neamhchaidhpeáilte | Boinn PPW | Boinn OIN | Boinn CBL chaidhpeáilte[13] |
|---|---|---|---|---|---|
| | EUR milliún | | tonaí | EUR milliún | |
| BE | 2 164,1 | 234 226,9 | 211 801,8 | 582 813,2 | 234 226,9 |
| BG | 170,3 | 45 587,5 | 76 347,6 | 92 469,7 | 45 587,5 |
| CZ | 449,7 | 127 090,5 | 152 087,5 | 300 318,9 | 127 090,5 |
| DK | 444,6 | 159 467,0 | 177 087,3 | 389 766,4 | 159 467,0 |
| DE | 4 796,1 | 1 768 749,9 | 1 779 081,4 | 4 242 782,1 | 1 768 749,9 |
| EE | 65,8 | 18 840,9 | 30 978,0 | 38 647,3 | 18 840,9 |
| IE | 521,8 | 123 760,2 | 236 120,6 | 402 989,5 | 123 760,2 |
| EL | 338,7 | 91 466,2 | 129 529,9 | 222 359,9 | 91 466,2 |
| ES | 2 101,5 | 682 563,3 | 1 035 520,7 | 1 414 706,7 | 682 563,3 |
| FR | 2 191,9 | 1 384 191,9 | 1 955 262,6 | 2 883 038,3 | 1 384 191,9 |
| HR | 60,5 | 43 375,6 | 46 773,8 | 73 494,0 | 36 747,0 |
| IT | 2 645,6 | 906 266,0 | 1 299 206,4 | 2 054 378,6 | 906 266,0 |
| CY | 40,6 | 19 319,9 | 10 508,3 | 26 781,6 | 13 390,8 |
| LV | 66,7 | 20 026,9 | 29 282,8 | 42 711,2 | 20 026,9 |
| LT | 159,0 | 32 237,5 | 40 921,3 | 72 087,2 | 32 237,5 |
| LU | 15,9 | 41 204,9 | 15 441,9 | 55 437,8 | 27 718,9 |
| HU | 248,9 | 82 359,1 | 346 302,1 | 183 824,4 | 82 359,1 |
| MT | 22,3 | 9 745,1 | 14 479,8 | 16 806,3 | 8 403,2 |
| NL | 3 723,3 | 469 784,1 | 291 519,0 | 999 460,3 | 469 784,1 |
| AT | 288,2 | 226 119,4 | 213 901,9 | 479 248,1 | 226 119,4 |
| PL | 1 417,8 | 359 995,6 | 811 444,9 | 702 760,4 | 351 380,2 |
| PT | 266,1 | 125 040,9 | 282 309,5 | 254 201,2 | 125 040,9 |
| RO | 324,8 | 114 973,4 | 346 971,1 | 315 334,2 | 114 973,4 |
| SI | 244,3 | 31 842,2 | 29 817,2 | 63 517,5 | 31 758,8 |
| SK | 126,6 | 53 809,2 | 56 745,4 | 119 060,6 | 53 809,2 |
| FI | 212,0 | 108 626,1 | 111 172,9 | 278 328,0 | 108 626,1 |
| SE | 623,0 | 241 589,8 | 160 807,5 | 576 484,5 | 241 589,8 |
| **AE** | **23 730,1** | **7 522 260,0** | **9 891 423,2** | **16 883 807,9** | **7 486 175,5** |

### 2,3 Ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe

Ríomhtar ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 148 den Chomhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach (an ‘Comhaontú um

[13] Is ó na boinn CBL chaidhpeáilte a tháinig na méideanna atá aibhsithe i ndath liath, mar a mhínítear i bhfonóta 10 thuas.

Tharraingt Siar')[14] agus cumhdaítear léi go háirithe sciar na Ríochta Aontaithe sna gealltanais gan íoc roimh 2021 atá le híoc in 2023 chomh maith le sciar na Ríochta Aontaithe i ndliteanais an Aontais (amhail pinsin) agus sna dliteanais airgeadais theagmhasacha. Áirítear freisin i ranníocaíocht fhoriomlán na Ríochta Aontaithe na méideanna atá dlite don Ríocht Aontaithe i ndáil le ceartuithe agus coigeartuithe acmhainní dílse le haghaidh na mblianta airgeadais go dtí 2021.

Tá ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe bunaithe ar sciar na Ríochta Aontaithe[15], a ríomhtar mar an cóimheas idir na hacmhainní dílse a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil sna blianta 2014 go 2020 agus na hacmhainní dílse a chuir na Ballstáit uile, lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe, ar fáil le linn na tréimhse sin. Rinneadh sciar na Ríochta Aontaithe a choigeartú in 2022 i gcomhréir le hAirteagal 139 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Socraíodh sciar cinntitheach na Ríochta Aontaithe ag 12,431681219587700 %.

Cuirtear i láthair sa tábla thíos na heilimintí de ranníocaíocht mheasta na Ríochta Aontaithe a cuireadh san áireamh cheana i sonrasc mhí Aibreáin chomh maith leis na meastacháin le haghaidh na n-eilimintí atá le cur san áireamh i sonrasc mhí Mheán Fómhair a bhfuil eolas orthu ag an gcéim seo. Déantar an méid athbhreithnithe de ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe a áirítear in DBL 3/2023 a ríomh agus na módúlachtaí íocaíochta a leagtar amach in Airteagal 148 den Chomhaontú um Tharraingt Siar á gcur san áireamh.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an meastachán a tugadh isteach i mbuiséad 2023 a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

---

14 Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

15 Dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 136(3), agus in Airteagail 140 go 147 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

**Ranníocaíocht nuashonraithe na Ríochta Aontaithe in 2023 (in EUR)**

| | Tagairt don Airteagal den Chomhaontú um Tharraingt Siar | 2023 |
|---|---|---|
| **Ranníocaíocht Iomlán na Ríochta Aontaithe in 2023, agus de sin:** | | **9 062 246 065** |
| **1. RAL roimh 2021 (lena n-áirítear glancheartúcháin airgeadais) – atá dlite le híoc in 2023** | Airt. 140 | 8 563 340 885 |
| **2. Dliteanais/pinsin an Aontais *** | Airt.142 | 288 251 050 |
| **3. Ceartúcháin agus coigeartuithe acmhainní dílse, agus de sin:** | | 699 026 182 |
| *3.1 Barrachas/easnamh 2020* | Airt.136(3)(a) | *n/bh* |
| *3.2 Nuashonruithe ar cheartúchán na Ríochta Aontaithe (2018-2019)* | Airt.136 | *11 333 962* |
| *3.3. CBL&OIN* | Airt.136 | *1 037 501 234* |
| *3.4. ADT*** | Airt.136, Airt. 140(4) | *-349 809 013* |
| **4. Fíneálacha** | Airt.141 | -98 560 248 |
| **5. Dliteanais theagmhasacha, agus de sin:** | | -347 873 388 |
| *5.1 Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh, CEIS, CEFI, iasachtaí (cistí Ráthaíochta)* | Airt.143 | *-312 568 840* |
| *5.2 Ionstraimí Airgeadais* | Airt.144 | *-53 678 624* |
| *5.3 Cásanna dlí (lena n-áirítear fíneálacha)* | Airt.147 | *18 374 076* |
| **6. Glansócmhainní CEGC** | Airt.145 | -36 874 795 |
| **7. Infheistíocht CEI** | Airt.146 | -6 648 463 |
| **8. Rochtain ar líonraí/córais//bunachair sonraí***** | Airt.34(2), Airt. 50 agus 53, Airt. 62(2), Airt. 63(1)(e), Airt. 63(2), Airt.99(3), Airt. 100(2) | 1 584 841 |

** - cuirfear EUR 259 milliún isteach i mbuiséad an Aontais mar ioncaim shannta*
*** - áirítear leis an méid sin an cion dá dtagraítear in Airteagal 139 den Chomhaontú um Tharraingt Siar a fuair an Ríocht Aontaithe as ucht a n-íocaíochtaí tar éis Bheithiúnas C-213/19 ón gCúirt (an cás gearrluachála mar a thugtar air)*
**** - le cur isteach i mbuiséad an Aontais mar ioncaim shannta*

### 2.4 Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha

I bhfianaise na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionóis a briseadh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Bealtaine 2023, tá sé beartaithe na méideanna seo a leanas a chur isteach i mbuiséad 2023:

a) EUR 37,5 milliún d'fhíneálacha iomaíochta.

b) EUR 148,4 milliún d'íocaíochtaí pionósacha agus de chnapshuimeanna a forchuireadh ar Bhallstáit, nár chomhlíon breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir lena mainneachtain in oibleagáid faoi na Conarthaí a chomhlíonadh.

c) EUR 0,6 milliún d'ús a bhaineann le fíneálacha agus le híocaíochtaí pionósacha.

d) EUR 504,0 milliún d'fhíneálacha eile nach bhfuil sannta agus d'íocaíochtaí pionóis eile le haghaidh préimheanna astaíochtaí iomarcacha den chuid is mó.

De réir fhorálacha Airteagal 141 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá an Ríocht Aontaithe i dteideal a sciar a fháil ar mhéid EUR 43 mhilliún, méid a áirítear sa liosta thuas faoi mhíreanna a), c) agus d).

Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, méadú EUR 589,5 milliún a chur leis na réamhaisnéisí tosaigh de EUR 101 milliún a tugadh isteach i mbuiséad 2023 le go mbeadh EUR 690,5 milliún sna réamhaisnéisí sin.

Taispeántar an mionsonra de réir líne sa tábla thíos.

*EUR*

| Líne ioncaim | Ainm | Buiséad 2023 | DBL 3/2023 | Méid nua |
|---|---|---|---|---|
| 4 2 0 | Fíneálacha a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta | 100 000 000 | -62 524 059 | 37 475 941 |
| 4 2 1 | Íocaíochtaí pionósacha agus cnapshuimeanna arna bhforchur ar Bhallstát | iontráil mheabhráin | 148 411 968 | 148 411 968 |
| 4 2 4 | Ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha | 1 000 000 | -423 740 | 576 260 |
| 4 2 9 | Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha neamhshannta eile | iontráil mheabhráin | 503 991 500 | 503 991 500 |
| **Iomlán** | | **101 000 000** | **589 455 669** | **690 455 669** |

### 2.5 Tionchar ar ranníocaíocht acmhainne dílse bunaithe ar OIN i gcomhair 2023

Agus na réamhaisnéisí athbhreithnithe le haghaidh ADT, an bonn CBL simplithe, agus an acmhainn dhílis bunaithe ar PPW neamh- athchúrsáilte á gcur san áireamh, tá méadú EUR 4 703 876 260 tagtha ar mhéid na n-acmhainní dílse seachas OIN. In éineacht leis an méadú EUR 432 605 402 ar ioncaim eile, déantar laghdú EUR 4 462 154 001 leis sin ar ranníocaíocht OIN i gcomparáid le DBL 2/2023.

Chun go n-urramófar prionsabal na cothromaíochta is infheidhme maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh atá cumhdaithe in Airteagal 310(1) CFAE, ní mór an ráta aonfhoirmeach atá le cur i bhfeidhm ar shuim OIN na mBallstát uile a athríomh agus an t-ioncam eile ar fad á chur san áireamh.

Socraítear mar a leanas an ráta aonfhoirmeach athríofa don acmhainn dhílis bunaithe ar OIN:

Ráta aonfhoirmeach le cur i bhfeidhm ar 1 % de OIN = (caiteachas iomlán – ioncam eile – glanmhéid iomlán ADT – acmhainn dhílis bunaithe ar CBL – ranníocaíochtaí acmhainní dílse bunaithe ar PPW neamh- athchúrsáilte) /1 % de OIN

Ráta aonfhoirmeach:

= (168 457 786 822 – 14 162 379 985 – 23 730 100 000 – 22 458 526 500 – 7 201 885 360) / 168 838 079 000

= 0,597642993657847

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na ranníocaíochtaí athbhreithnithe acmhainní dílse bunaithe ar OIN i bhfianaise an ráta aonfhoirmigh nua:

**Bliain airgeadais 2023 (in EUR)**

| Ballstát | 1 % den bhonn OIN a úsáidtear le haghaidh DBL 2/2023 | Ráta aonfhoirmeach acmhainn dhílis bunaithe ar OIN (in %) de réir DBL 2/2023 | 1 % den bhonn OIN (Réamhaisnéis CCAD chomhaontaithe) | Ráta aonfhoirmeach acmhainn dhílis bunaithe ar OIN (i %) de réir DBL 3/2023 | Difríocht in OIN |
|---|---|---|---|---|---|
| | (1) | (2) | (3) | (4) | (5) = (3 x 4) - (1 x 2) |
| BE | 5 630 560 000 | | 5 828 132 000 | | - 156 772 308 |
| BG | 795 786 000 | | 924 697 000 | | 38 197 304 |
| CZ | 2 781 434 000 | | 3 003 189 000 | | - 3 242 436 |
| DK | 3 774 175 000 | | 3 897 664 000 | | - 110 430 024 |
| DE | 41 301 252 000 | | 42 427 821 000 | | -1 342 790 844 |
| EE | 342 901 000 | | 386 473 000 | | 9 302 151 |
| IE | 3 703 703 000 | | 4 029 895 000 | | 14 154 020 |
| EL | 2 093 970 000 | | 2 223 599 000 | | - 24 743 067 |
| ES | 13 828 586 000 | | 14 147 067 000 | | - 484 689 857 |
| FR | 27 919 613 000 | | 28 830 383 000 | | - 818 551 060 |
| HR | 635 913 000 | | 734 940 000 | | 28 141 373 |
| IT | 19 889 147 000 | | 20 543 786 000 | | - 579 627 256 |
| CY | 252 190 000 | | 267 816 000 | | - 2 971 619 |
| LV | 376 700 000 | | 427 112 000 | | 11 740 166 |
| LT | 615 572 000 | | 720 872 000 | | 32 883 311 |
| LU | 604 113 000 | | 554 378 000 | | - 59 212 911 |
| HU | 1 670 483 000 | | 1 838 244 000 | | 18 718 326 |
| MT | 155 608 000 | | 168 063 000 | | - 152 197 |
| NL | 9 648 131 000 | 0,6464569 | 9 994 603 000 | 0,5976430 | - 263 896 744 |
| AT | 4 549 330 000 | | 4 792 481 000 | | - 76 753 239 |
| PL | 6 708 365 000 | | 7 027 604 000 | | - 136 670 788 |
| PT | 2 384 950 000 | | 2 542 012 000 | | - 22 551 807 |
| RO | 2 869 778 000 | | 3 153 342 000 | | 29 384 861 |
| SI | 592 192 000 | | 635 175 000 | | - 3 218 738 |
| SK | 1 153 958 000 | | 1 190 606 000 | | - 34 426 819 |
| FI | 2 801 598 000 | | 2 783 280 000 | | - 147 704 667 |
| SE | 5 911 590 000 | | 5 764 845 000 | | - 376 269 132 |

| Ballstát | 1 % den bhonn OIN a úsáidtear le haghaidh DBL 2/2023 | Ráta aonfhoirmeach acmhainn dhílis bunaithe ar OIN (in %) de réir DBL 2/2023 | 1 % den bhonn OIN (Réamhaisnéis CCAD chomhaontaithe) | Ráta aonfhoirmeach acmhainn dhílis bunaithe ar OIN (i %) de réir DBL 3/2023 | Difríocht in OIN |
|---|---|---|---|---|---|
| | (1) | (2) | (3) | (4) | (5) = (3 x 4) - (1 x 2) |
| **Iomlán** | **162 991 598 000** | | **168 838 079 000** | | **-4 462 154 001** |

## 3. NIASHONRÚ AR CHAITEACHAS

### 3.1 An Ionstraim um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú a bunaíodh leis an nGníomh mar Thaca Le Táirgeadh Lóin Airm (ASAP)

Treisíonn cogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine tábhacht na cosanta, mar a léirítear sa togra ón gCoimisiún chun an gníomh mar thaca le táirgeadh lóin airm (ASAP)[16]. Bunaítear ionstraim nua le ASAP chun tacú le hacmhainneachtaí monaraíochta thionscal cosanta na hEorpa a mhéadú agus slabhraí soláthair a dhaingniú, arb é is aidhm di infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta ábhartha san Aontas a chumasú trí shraith beart sonrach spriocdhírithe chun dlús a chur leis an gcoigeartú tionscail ar athruithe struchtúracha. Tá sé beartaithe go mbeidh tionchar airgeadais ag ASAP ó 2023 go 2024 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2023 go 2028 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún na coigeartuithe breise is gá a dhéanamh ar an ainmníocht bhuiséadach, ar bharúlacha buiséid agus ar leibhéal na leithreasuithe sa DBL seo don bhliain 2023.

Áirítear leis sin dhá líne buiséid nua a chruthú, le hiontráil chomharthach ('iontráil mheabhráin') ar dtús, dá leagtar amach na nótaí buiséid comhfhreagracha san iarscríbhinn bhuiséadach.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 13 01 05 | Caiteachas tacaíochta don Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin |
| 13 07 01 | An Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin |
| **Iomlán** | | **iontráil mheabhráin** | **iontráil mheabhráin** |

Ós rud é nach ann do chorrlaigh neamh-leithdháilte faoi cheannteideal 5 (Slándáil agus Cosaint), tá sé beartaithe maoiniú 2023 do thionscnamh cosanta nua ASAP a mhaoiniú go hiomlán trí ath-imscaradh méideanna a cuireadh i leataobh ar dtús d'Atreisiú Thionscal Cosanta na hEorpa tríd an nGníomh um Sholáthar Coiteann (EDIRPA) de réir an ráitis airgeadais reachtaigh (LFS) a ghabhann le ASAP. Tá sé beartaithe na méideanna comhfhreagracha a chur isteach sa chúlchiste (teideal na 'forálacha') go dtí go nglacfaidh na comhreachtóirí an bunghníomh. Má chinneann na comhreachtóirí ar bhealach éagsúil, molfaidh an Coimisiún na hathruithe is gá. Ina theannta sin, i bhfianaise na moille a breathnaíodh i bpróiseas reachtach EDIRPA i gcomparáid leis na toimhdí tosaigh, tá molta an méid comhfhreagrach EUR 71 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a thabhairt ar ais.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreálaithe (Cúlchiste d'airteagal buiséid 13 06 01) | - 1 000 000 | - 1 000 000 |
| 30 02 01 | Leithreasuithe neamhdhifreáláilte (Cúlchiste i gcomhair airteagal buiséid 13 01 05) | + 1 000 000 | + 1 000 000 |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreálaithe (Cúlchiste d'airteagal buiséid 13 06 01) | - 156 027 699 | - 71 000 000 |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreálaithe (Cúlchiste d'airteagal buiséid 13 07 01) | + 156 027 699 | 0 |
| **Iomlán** | | **0** | **- 71 000 000** |

16 COM(2023) 237, 3.5.2023.

### 3.2 An Gníomh Eorpach um Shliseanna a mhaoiniú le haghaidh 2023

Molann an Coimisiún go n-áireofaí in DBL 3/2023 na coigeartuithe is gá maidir le maoiniú an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna le haghaidh 2023, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil ina leith an 18 Aibreán 2023.

EUR 1 725 mhilliún a bheidh i ranníocaíocht iomlán Fís Eorpach leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna go dtí 2027, agus cuirfidh an comhghnóthas um shliseanna EUR 1 425 mhilliún de sin chun feidhme agus cuirfidh an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) EUR 300 milliún de sin chun feidhme. Maidir leis an mbliain 2023, imíonn an réiteach maoiniúcháin a comhaontaíodh don Ghníomh um Shliseanna ó na gnéithe a áirítear i mbuiséad 2023 ar na bealaí a leanas: (i) treisiú EUR 100 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas an 6ú cuspóir den Chlár don Eoraip Dhigiteach atá tiomnaithe do leathsheoltóirí, treisiú arna thabhairt ón gcorrlach neamh-leithdháilte faoi uasteorainn chaiteachais cheannteideal 1 (An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha) agus (ii) EUR 80 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a thabhairt ar ais chuig Fís Eorpach Braisle 4 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás', a moladh ar dtús a ath-imscaradh ón gclár Fís Eorpach chuig an gClár don Eoraip Dhigiteach.

Ina theannta sin, molann an Coimisiún rannchuidiú níos cothroime leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna i measc braislí 'Fís Eorpach'. I gcomparáid leis an togra tosaigh ón gCoimisiún, moltar clúdach 2023 an Chomhghnóthais um Shliseanna a chúl-ualú beagán go 2026-2027. Dá réir sin, moltar suim EUR 15,2 milliún a chur ar ais ó Chomhghnóthas um Shliseanna chuig Braisle 3 'Fís Eorpach' i.e. 'Slándáil Shibhialta don tSochaí' in DBL seo.

Meastar gur leor leibhéal reatha na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí i mbuiséad 2023 chun riachtanais íocaíochta na bliana seo a chumhdach faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gclár don Eoraip Dhigiteach araon, agus dá bhrí sin tá sé beartaithe an méid comhfhreagrach i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (EUR 80 milliún) a chur ar ceal.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 01 02 02 30 | An bhraisle 'an tSlándáil Shibhialta don tSochaí' | + 15 200 000 | 0 |
| 01 02 02 42 | An Bhraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' — an Comhghnóthas um Shliseanna | - 15 200 000 | - 15 200 000 |
| 02 04 06 11 | Leathsheoltóirí – Comhghnóthas Sliseanna | + 100 000 000 | 0 |
| 02 04 06 11 | Leathsheoltóirí – Comhghnóthas Sliseanna | - 80 000 000 | - 80 000 000 |
| 01 02 02 40 | An Bhraisle 'Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás' | + 80 000 000 | 0 |
| **Iomlán** | | **100 000 000** | **- 95 200 000** |

### 3.3 Líne chúltaca na gComhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCII )

EUR 48,7 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 28,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá sa líne chúltaca CCII faoi láthair. Freagraíonn sé sin don mhéid a cuireadh isteach sa chúlchiste chun na comhaontuithe agus na prótacail maidir le hiascaigh idir an tAontas agus rialtais tríú tíortha sonracha nach bhfuil glactha fós a chumhdach, i gcomhréir le hAirteagal 49 den Rialachán Airgeadais agus le pointe 20 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le smacht

buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[17].

I bhfianaise stádas na caibidlíochta maidir leis na prótacail a bheidh ann amach anseo, is léir nach gcuirfear tús le haon cheann de na prótacail le Maracó, leis an Libéir ná le hOileáin Sholomón agus nach dtabharfar i gcrích iad in 2023. Go háirithe:

- tá todhchaí an phrótacail le Maracó éiginnte fós agus braitheann sé ar bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais atá le teacht sa chás C-798/21 P, a*n Chomhairle v Front Polisario* atá ar feitheamh, nach bhfuiltear ag súil leis anois roimh thús 2024;

- tá an chaibidlíocht leis an Libéir ag brath ar fhorbairt agus ar chlabhsúr faoi dheireadh an idirphlé oscailte idir an Coimisiún agus údaráis na Libéire faoi chuimsiú an chomhraic in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN). Tar éis idirphlé NNN a thabhairt chun críche go dearfach, ní chuirfí tús leis an gcaibidlíocht roimh 2024;

- cuireadh moill ar an bpróiseas caibidlíochta maidir le prótacal nua le hOileáin Sholomón.

Ar deireadh, ós rud é gur comhaontaíodh agus gur bunaíodh an chainníocht d'iasc caibeallán a bhaineann leis an bprótacal reatha leis an nGraonlainn, is leor an méid ar an bpríomhlíne agus níl an cúlchiste comhfhreagrach ag teastáil a thuilleadh.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na méideanna nach mbeidh ag teastáil in 2023 a chur ar ceal. Is ionann sin agus EUR 45,3 milliún faoi seach i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 24,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, mar a leanas:

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreálaithe (Cúlchiste d'airteagal buiséid 08 05 01) | - 45 265 000 | - 24 765 000 |
| **Iomlán** | | **- 45 265 000** | **- 24 765 000** |

## 3.4 AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ (MECS)

Tá sé beartaithe treisiú EUR 81 857 a chur le buiséad MECS chun an cíos, na muirir agus an caiteachas eile ar shaoráidí tógála MECS, atá á n-óstáil ag Parlaimint na hEorpa, a chumhdach. Anois go bhfuil na costais iarbhír le haghaidh 2023 deimhnithe ag Parlaimint na hEorpa, i.e. méadú 10,63 % mar gheall ar bhoilsciú ard, ní leor leibhéal na leithreasuithe atá ar fáil a thuilleadh chun oibleagáidí conarthacha a chumhdach. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe méadú EUR 81 857 a chur le leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí mar a léirítear sa tábla thíos, méadú a thógfar ón gcorrlach faoi cheannteideal 7 (Riarachán Poiblí Eorpach):

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn IX – An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí* | | | |
| 2 0 0 | Cíosanna, muirir agus caiteachas foirgneamh | 81 857 | 81 857 |

[17] IO L 433I, 22.12.2020, lgh. 28–46.

| | | |
|---|---|---|
| **Iomlán** | **81 857** | **81 857** |

## 4. Maoiniú

Ar an iomlán, is é tionchar glan DBL 3/2023 ar chaiteachas ná méadú EUR 54,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus laghdú EUR 190,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Tá sé beartaithe taobh an ioncaim den bhuiséad a choigeartú mar a leagtar amach in DBL 3/2023.

## 5. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI

| | | Buiséad 2023 (lena n-áirítear BL1/2023 agus DBL 2/2023) | | Dréachtbhuiséad Leasaitheach 3/2023 | | Buiséad 2023 (lena n-áirítear BL 1/2023 agus DBL 2-3/2023) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | LfcG | LfcÍ | LfcG | LfcÍ | LfcG | LfcÍ |
| **1.** | **An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha** | **21 595 056 589** | **20 898 092 074** | **100 000 000** | **-95 200 000** | **21 695 056 589** | **20 802 892 074** |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *21 727 000 000* | | | | *21 727 000 000* | |
| | *Corrlach* | *131 943 411* | | *-100 000 000* | | *31 943 411* | |
| **2.** | **Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | **70 586 704 063** | **58 058 661 399** | | | **70 586 704 063** | **58 058 661 399** |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *182 220 073* | | | | *182 220 073* | |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)* | *280 000 000* | | | | *280 000 000* | |
| | *Uasteorainn* | *70 137 000 000* | | | | *70 137 000 000* | |
| | *Corrlach* | *12 516 010* | | | | *12 516 010* | |
| 2a. | An comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | 62 926 483 990 | 50 874 959 229 | | | 62 926 483 990 | 50 874 959 229 |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *62 939 000 000* | | | | *62 939 000 000* | |
| | *Corrlach* | *12 516 010* | | | | *12 516 010* | |
| 2b. | Athléimneacht agus luachanna | 7 660 220 073 | 7 183 702 170 | | | 7 660 220 073 | 7 183 702 170 |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *182 220 073* | | | | *182 220 073* | |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)* | *280 000 000* | | | | *280 000 000* | |
| | *Uasteorainn* | *7 198 000 000* | | | | *7 198 000 000* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| **3.** | **Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | **57 263 408 225** | **57 457 310 265** | **-45 265 000** | **-24 765 000** | **57 218 143 225** | **57 432 545 265** |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *57 295 000 000* | | | | *57 295 000 000* | |
| | *Corrlach* | *31 591 775* | | *45 265 000* | | *76 856 775* | |
| | **Agus de sin: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha** | **40 692 211** | **40 698 181 356** | | | **40 692 211** | **40 698 181 356** |
| | *Fo- uasteorainn CERT* | *41 518 000 000* | | | | *41 518 000 000* | |
| | *Difríocht an tslánaithe eisiata chun an fochorrlach a ríomh* | *800 000* | | | | *800 000* | |
| | *Glanaistrithe idir CERT agus CETFT* | *-825 800 000* | | | | *-825 800 000* | |
| | *An t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT (fo-uasteorainn arna ceartú le haistrithe idir CERT agus CETFT)* | *40 693 000 000* | | | | *40 693 000 000* | |
| | *Fochorrlach CERT* | *789 000* | | | | *789 000* | |
| **4.** | **Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | **3 727 311 518** | **3 038 380 252** | | | **3 727 311 518** | **3 038 380 252** |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| | *Uasteorainn* | *3 814 000 000* | | | | *3 814 000 000* | |
| | *Corrlach* | *86 688 482* | | | | *86 688 482* | |
| **5.** | **An tSlándáil agus an Chosaint** | **2 116 636 829** | **1 208 374 612** | | **-71 000 000** | **2 116 636 829** | **1 137 374 612** |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *170 636 829* | | | | *170 636 829* | |
| | *Uasteorainn* | *1 946 000 000* | | | | *1 946 000 000* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| **6.** | **An Chomharsanacht agus an Domhan** | **17 211 879 478** | **13 994 937 845** | | | **17 211 879 478** | **13 994 937 845** |
| | *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *882 879 478* | | | | *882 879 478* | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *Uasteorainn* | *16 329 000 000* | | | | *16 329 000 000* | |
| *Corrlach* | | | | | | |
| **7. An Riarachán Poiblí Eorpach** | **11 313 119 518** | **11 313 119 518** | **81 857** | **81 857** | **11 313 201 375** | **11 313 201 375** |
| *Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | | | | | | |
| *Uasteorainn* | *11 419 000 000* | | | | *11 419 000 000* | |
| *Corrlach* | *105 880 482* | | *-81 857* | | *105 798 625* | |
| **agus de sin: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí** | **8 745 600 042** | **8 745 600 042** | **81 857** | **81 857** | **8 745 681 899** | **8 745 681 899** |
| *Fo-uasteorainn* | *8 772 000 000* | | | | *8 772 000 000* | |
| *Fochorrlach* | *26 399 958* | | *-81 857* | | *26 318 101* | |
| **Leithreasuithe le haghaidh ceannteideal** | **183 814 116 220** | **165 968 875 965** | **54 816 857** | **-190 883 143** | **183 868 933 077** | **165 777 992 822** |
| ***Uasteorainn*** | ***182 667 000 000*** | ***168 575 000 000*** | | | ***182 667 000 000*** | ***168 575 000 000*** |
| ***Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta*** | ***1 235 736 380*** | ***948 114 733*** | | | ***1 235 736 380*** | ***948 114 733*** |
| ***Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)*** | ***280 000 000*** | | | | ***280 000 000*** | |
| ***Corrlach*** | ***368 620 160*** | ***3 554 238 768*** | ***-54 816 857*** | ***190 883 143*** | ***313 803 303*** | ***3 745 121 911*** |
| **Ionstraimí speisialta téamacha** | **2 855 153 029** | **2 679 794 000** | | | **2 855 153 029** | **2 679 794 000** |
| **Iomlán na leithreasuithe** | **186 669 269 249** | **168 648 669 965** | **54 816 857** | **-190 883 143** | **186 724 086 106** | **168 457 786 822** |